Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Iúil 2022
(OR. en)

11531/22

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0219(COD)**

INDEF 1
COPS 368
POLMIL 181
IND 301
MAP 20
COMPET 622
FISC 158
CODEC 1158

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Iúil 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 349 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le bunú an Ghnímh um thionscal cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar comhoibríoch |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 349 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 349 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.7.2022
COM(2022) 349 final

2022/0219 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le bunú an Ghnímh um thionscal cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar comhoibríoch**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Bhí staid éagobhsaí le blianta fada i réigiúin chomharsanacha na hEorpa agus timpeallacht chasta dhúshlánach ina saintréithe de chomhthéacs geopholaitiúil an Aontais cheana féin, ach tá athrú as cuimse tagtha air i bhfianaise fhogha míleata na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Le coinbhleacht chríochach agus cogadh ard-déine ar siúl ar chríoch na hEorpa an athuair, ní mór do na Ballstáit athmhachnamh a dhéanamh ar a gcuid pleananna agus acmhainneachtaí cosanta.

Thug Cinn Stáit nó Rialtais an Aontais, i gcruinniú in Versailles an 11 Márta 2022, gealltanas 'acmhainneachtaí cosanta na hEorpa a neartú' i bhfianaise fhogha míleata na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Luaitear i nDearbhú Versailles go háirithe gur cheart do na Ballstáit an caiteachas cosanta a mhéadú; dlús a chur leis an gcomhar trí thionscadail chomhpháirteacha; easnaimh a dhúnadh agus cuspóirí cumais a chomhlíonadh; borradh a chur faoin nuálaíocht, agus sineirgí sibhialta/míleata san áireamh; agus tionscal cosanta an Aontais, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, a neartú agus a fhorbairt. Thairis sin, d'iarr an Chomhairle'ar an gCoimisiún, i gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint, anailís ar na bearnaí infheistíochta i réimse na cosanta a chur ar aghaidh faoi lár mhí na Bealtaine agus aon tionscnamh eile is gá a mholadh chun bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí a neartú.'

Mar fhreagairt ar an iarraidh sin, chuir an Coimisiún Eorpach agus an tArdionadaí Teachtaireacht Chomhpháirteach i láthair an 18 Bealtaine 2022 maidir leis an Anailís ar Bhearnaí Infheistíochta i Réimse na Cosanta agus an Bealach Chun Tosaigh (an 'Teachtaireacht Chomhpháirteach'). Tugadh léargas inti ar thrí phríomhchineál bearnaí: bearna airgeadais, bearna thionsclaíoch, agus bearna cumais. Luaitear sa Teachtaireacht Chomhpháirteach go dtagann méaduithe buiséadacha na mBallstát a tháinig le déanaí tar éis na mblianta de chiorruithe suntasacha agus de thearcinfheistíocht ghéar. Ba é an toradh a bhí ar an tearcinfheistíocht sin sa chaiteachas cosanta bearnaí tionsclaíocha agus cumais san Aontas agus na leibhéil ísle stoc de threalamh cosanta atá ann faoi láthair. Mar thoradh ar threalamh cosanta a aistriú chuig an Úcráin, mar aon le leibhéal stoc a bhí in oiriúint d'aimsir na síochána, tháinig bearnaí práinneacha criticiúla chun cinn i dtéarmaí trealamh míleata.

Meabhraítear sa Teachtaireacht Chomhpháirteach gur gá do na Ballstáit ullmhacht le haghaidh comhrac cosanta a athbhunú mar ábhar práinne i bhfianaise na staide slándála agus na n-aistrithe a rinneadh chuig an Úcráin cheana. Go háirithe, dá ndéanfaí stoic ábhair a athshlánú, chuirfí ar a gcumas dóibh tuilleadh cúnaimh a chur ar fáil don Úcráin.

Sonraítear sa Teachtaireacht Chomhpháirteach, ós rud é go rachaidh na Ballstáit ar aghaidh chun a gcuid stoc-charn a athshlánú agus chun cainníocht a dtrealaimh chosanta a mhéadú, gur cheart dóibh an deis a thapú é sin a dhéanamh ar bhealach comhoibríoch. Leis sin, chuirfí luach níos mó ar airgead ar fáil, chuirfí feabhas ar an idir-inoibritheacht agus d'fhágfaí nach gcuirfí bac ar na Ballstáit den Aontas is mó atá neamhchosanta an méid a theastaíonn uathu a fháil, de bharr éilimh ar an tionscal cosanta atá ag teacht salach ar a chéile, ar tionscal é nach féidir leis freagairt do mhéadú den sórt sin ar an éileamh sa ghearrthéarma.

Gan comhordú ná comhar, tá an riosca ag baint le hinfheistíochtaí méadaithe ó na Ballstáit sa chosaint go gcuirfí le hilroinnt earnáil chosanta na hEorpa, go gcuirfí teorainn leis an acmhainneacht maidir le comhar ar feadh shaolré an trealaimh, go dtreiseofaí spleáchais sheachtracha agus go gcuirfí isteach ar an idir-inoibritheacht. Roghanna a dhéanfar a mhéid a

bhaineann le héadálacha gearrthéarmacha, beidh tionchar níos fadtéarmaí acu siúd ar neart margaidh Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB) agus ar dheiseanna sna blianta amach romhainn.

Ós rud é gur gá tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit, go tráthúil agus ar bhealach spriocdhírithe, chun a n-acmhainneacht chosanta a atreisiú sa staid éigeandála seo, mhol an Coimisiún Eorpach an soláthar comhoibríoch a dhreasú trí bhuiséad an Aontais trí Ionstraim Gearrthéarmach thiomnaithe lena mbunófar an Gníomh um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar Comhoibríoch (an 'Ionstraim').

Leis an tacaíocht airgeadais ón Aontas a thabharfar tríd an Ionstraim, ba cheart próiseas comhoibríoch soláthair cosanta ó na Ballstáit a spreagadh agus ba cheart í a bheith chun sochair do EDTIB agus, an tráth céanna, cumas fhórsaí armtha Bhallstáit an Aontais gníomhú, slándáil an tsoláthair agus idir-inoibritheacht mhéadaithe a áirithiú.

Ba cheart Ionstraim den sórt sin a bhunú chun dreasacht a thabhairt do na Ballstáit sin atá toilteanach soláthar comhoibríoch a shaothrú chun na bearnaí sin a líonadh. Ba cheart an Ionstraim a bheith ina huirlis thiomnaithe atá ceaptha chun dul i ngleic le héifeachtaí agus iarmhairtí díobhálacha chogadh na hÚcráine san Aontas.

Tabharfar an Ionstraim isteach tar éis bhunú Tascfhórsa um Sholáthar Comhpháirteach Cosanta a bheidh ina thacú lena riachtanais soláthair an-ghearrthéarmach a chomhordú chun aghaidh a thabhairt ar an staid slándála nua. Tar éis an Ionstraim a chruthú, molfaidh an Coimisiún rialachán maidir le Clár Infheistíochta Cosanta Eorpach (EDIP). D'fhéadfadh Rialachán EDIP a bheith ina dhlúthchuid de thionscadail chomhpháirteacha forbartha agus soláthair a bheidh ann amach anseo a mbeadh leas coiteann ag baint leo ó thaobh shlándáil na mBallstát agus an Aontais, agus tríd an loighic a bhaineann leis an ionstraim ghearrthéarma a leathnú, d'idirghabháil airgeadais ghaolmhar de chuid an Aontais a d'fhéadfadh a bheith ann chun bonn tionsclaíoch cosanta na hEorpa a threisiú, go háirithe i gcás tionscadail nach bhféadfadh aon Bhallstát aonair iad a fhorbairt ná a sholáthar ina aonar.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an Ionstraim comhsheasmhach leis an gCiste Eorpach Cosanta. Is comhlánú í ar an gciste sin agus braitheann sí ar an mbunús dlí céanna. Cé go ndreasaítear le CEF an comhar i measc eintitis dhlítheanacha maidir le tionscadail Taighde agus Forbartha, beidh an Ionstraim ina tacú leis an gcomhar maidir le soláthar comhoibríoch cosanta. Leis an Ionstraim, glactar cur chuige an Chiste Eorpaigh Cosanta a mhéid a bhaineann le cosc a chur ar thacaíocht d'earraí nó do sheirbhísí, a bhfuil toirmeasc orthu faoin dlí idirnáisiúnta is infheidhme, nó d'airm uathrialaitheacha mharfacha gan an fhéidearthacht a bheith ann go ndéanfadh duine rialú fónta ar chinntí maidir le roghnú agus comhrac, agus ionsaithe á ndéanamh ar dhaoine.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Beidh an Ionstraim ina comhlánú ar thionscnaimh chomhoibríocha chosanta de chuid an Aontais atá ann cheana, mar shampla, an Buanchomhar Struchtúrtha (PESCO), agus ginfear sineirgí léi agus an Compás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint á chur chun feidhme, mar aon le cláir eile de chuid an Aontais, cuir i gcás an Ciste Eorpach Cosanta.

Cuirfear an Ionstraim chun feidhme freisin i gcomhsheasmhacht iomlán le plean forbraíochta an Aontais um chumas lena sainaithnítear na tosaíochtaí maidir le cumas cosanta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, mar aon le hathbhreithniú comhordaithe bliantúil an Aontais ar chosaint (CARD), lena sainaithnítear *inter alia* deiseanna nua maidir le comhar cosanta. Sa chomhthéacs sin, féadfar a chur san áireamh freisin gníomhaíochtaí ábhartha arna ndéanamh ag Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT) agus ag comhpháirtithe eile i gcás ina

bhfónfar leo do leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus nach n-eisiafar leo rannpháirtíocht aon Bhallstáit.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Agus é d'aidhm aige iomaíochas EDTIB a chothú trí thacú le comhar idir na Ballstáit i réimse an tsoláthair chomhoibríoch cosanta, tá an togra bunaithe ar Airteagal 173 CFAE (tacú le hiomaíochas Thionscal na hEorpa).

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Cé go bhfuil roinnt buntáistí soiléire ag baint leis an gcomhar (idir-inoibritheacht mhéadaithe, costais aonaid agus chothabhála laghdaithe), leanann na Ballstáit de chórais chosanta a sholáthar ar bhonn náisiúnta den chuid is mó.

Is féidir é sin a mhíniú le roinnt tosca:

– Castacht mhéadaithe agus ualach riaracháin an chomhair;

– ceanglais náisiúnta dhifriúla;

– féilirí soláthair difriúla agus easpa sioncrónaithe bhuiséadaigh;

– breithnithe slándála faisnéise;

– breithnithe maidir le beartas tionsclaíoch cosanta náisiúnta;

– easpa saineolais náisiúnta i ngníomhaireachtaí soláthair.

De réir Shonraí Cosanta GEC le haghaidh 2020, níor infheistigh Ballstáit an Aontais ach EUR 4.1 billiún i soláthar comhoibríoch trealaimh cosanta (11 % dá gcaiteachas iomlán), laghdú 13 % i gcomparáid le 2019.

Tá sé sin i bhfad faoi bhun an tagarmhairc 35 % ar thug na Ballstáit gealltanas ina leith. Tagann sraith fadhbanna agus neamhéifeachtúlachtaí chun cinn de bharr ilroinnt thaobh éilimh an mhargaidh cosanta, lena n-áirítear ar thaobh an tsoláthair, agus, an tráth céanna, méadaítear costais chothabhála raidhse córas éagsúil.

Mura dtugtar aghaidh ar an treocht reatha sin, leanfaidh sé de dhochar mór a dhéanamh d'iomaíochas EDTIB agus baineann an baol leis go ndéanfaí difear dá ionchais mhargaidh sna deich mbliana amach romhainn.

An tráth céanna, i gcomhthéacs an mhargaidh cosanta atá ann faoi láthair, lena mbaineann bagairt mhéadaithe slándála agus an t-ionchas réalaíoch go mbeidh coinbhleacht ard-déine ann, tá na Ballstáit ag méadú go tapa a mbuiséad cosanta agus tá siad ag díriú ar cheannacháin chomhchosúla trealaimh. Mar thoradh air sin, tá méid éilimh ann is mó ná acmhainneachtaí monaraíochta EDTIB, acmhainneachtaí atá curtha in oiriúint faoi láthair d'aimsir na síochána.

Dá thoradh sin, is féidir a bheith ag súil le boilsciú ard ar phraghsanna, mar aon le moilleanna níos faide ar an aga seachadta, rud a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do shlándáil shaoránaigh an Aontais. Ní mór do thionscail chosanta an acmhainneacht táirgeachta is gá a bhaint amach chun orduithe a phróiseáil, mar aon le hamhábhair agus fo-chomhpháirteanna criticiúla a fháil. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh sé go dtabharfadh monaróirí cosanta tús áite

d’orduithe móra, rud a d’fhéadfadh na tíortha is leochailí a fhágáil neamhchosanta, gan an mhéid chriticiúil ná na hacmhainní airgeadais a bheith acu chun orduithe móra a áirithiú.

Is é a thiocfadh as orduithe ilroinnte a chuireann na Ballstáit ina n-aonar ionchais mhargaidh níos teoranta do chuideachtaí cosanta, agus, dá bhrí sin, thiocfadh méadú ar ilroinnt na tairisceana, rud a dhéanfadh dochar mór d’éifeachtúlacht eacnamaíoch na hearnála agus d’iomaíochas EDTIB.

Dá bhrí sin, is gá an soláthar comhpháirteach a dhreasú, agus thiocfadh an buntáiste as sin go n-áiritheofaí, cé gur féidir le tionscal na cosanta dul in oiriúint níos tapa d’athruithe reatha struchtúracha sa mhargadh, go bhfaigheadh Fórsaí Armtha náisiúnta coinníollacha agus amlínte seachadta níos fearr trí dhul i gcomhar ag céim na fála. Thairis sin, bheadh costais laghdaithe i dtéarmaí shaothrú, chothabháil agus aistarraingt na gcóras (costais a mheastar gur 55 % de chostas iomlán trealaimh iad) mar thoradh ar an gcomhar i réimse na fála.

Dá thoradh sin, i bhfianaise na staide reatha, tá gá le hidirghabháil bheartais ar leibhéal an Aontais Eorpaigh chun feabhas a chur ar an leibhéal comhair trí chomhar airgeadais idir na Ballstáit a dhreasú sa phróiseas soláthair cosanta. Rachaidh idirghabháil den sórt sin chun tairbhe do shlándáil shaoránaigh an Aontais agus do EDTIB.

- **Comhréireacht**

Tá an cur chuige beartais atá beartaithe comhréireach le scála agus tromchúis na bhfadhbanna a sainaithníodh, i.e. an gá dlús a chur leis an tionscal a choigeartú d’athruithe struchtúracha agus timpeallacht a spreagadh atá fabhrach don chomhar idir gnóthais laistigh de chóras margaí oscailte agus iomaíocha tríd an gcomhar agus an comhordú idir na Ballstáit a dhreasú. Urramaítear leis teorannacha idirghabháil an Aontais a d’fhéadfadh a bheith ann faoi na Conarthaí.

Tá an tionscnamh teoranta do chuspóirí nach féidir leis na Ballstáit astu féin iad a ghnóthú go sásúil, agus ar féidir a bheith ag súil leis go ngnóthóidh an tAontas iad ar dhóigh níos fearr.

- **An rogha ionstraime**

Molann an Coimisiún Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun an Ionstraim a bhunú. Is é Rialachán an ionstraim dlí is oiriúnaí óir is le Rialachán, agus leis sin amháin, lena fhorálacha dlí atá infheidhme go díreach, a fhéadfar an leibhéal aonfhoirmeachta is gá a chur ar fáil chun Ionstraim de chuid an Aontais a chur ar bun agus a oibriú lena ndíreofar ar atreisiú earnála tionsclaíochta a chur chun cinn ar fud na hEorpa.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní ann don reachtaíocht faoi láthair lena gcumhdaítear an ghníomhaíocht shonrach seo ná a bhaineann léi. Go dtí seo, níorbh ann d’aon tionscnamh reachtach eile de chuid an Aontais i réimse na cosanta agus é mar chuspóir aige feabhas a chur ar iomaíochas EDTIB go háirithe trí dhlús a chur, ar bhealach comhoibríoch, leis an earnáil tionsclaíochta a choigeartú d’athruithe struchtúracha, lena n-áirítear borradh a chur faoina hacmhainneachtaí monaraíochta. Níorbh ann d’aon tionscnamh reachtach eile de chuid an Aontais i réimse na

cosanta freisin agus é mar chuspóir aige an comhar sa phróiseas soláthair cosanta idir na Ballstáit rannpháirteacha a chothú. Ar an ábhar sin, ní ann do mheastóireacht *ex post* roimhe seo nó do sheiceáil oiriúnachta ar reachtaíocht atá ann cheana a cuireadh i gcrích i gcás tionscnamh reachtach den sórt seo.

- **Measúnú tionchair**

Sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 30-31 Bealtaine 2022, iarradh ar an gComhairle scrúdú a dhéanamh, mar ábhar práinne, ar an ionstraim ghearrthéarmach. Dá bhrí sin, cuireann an Coimisiún síos togra le haghaidh rialachán lena mbunaítear an ionstraim gan measúnú tionchair a áireamh, chun go mbeidh na comhreachtóirí in ann é a fháil a luaithe is féidir.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Meastar nach méadófar an t-ualach riaracháin leis an Ionstraim.

Gné den simpliú i gcur chun feidhme na hionstraime is ea an cur chuige feidhmíochtbhunaithe atá beartaithe, ar cur chuige é atá ag brath ar an gcoinníollacht idir íocaíochtaí a eisíoc agus garspriocanna agus spriocanna a bhaint amach ag an gcuibhreannas.

- **Cearta bunúsacha**

Trí fheabhas a chur ar shlándáil shaoránaigh an Aontais, is féidir rannchuidiú lena gcearta bunúsacha a chosaint.

Ina theannta sin, gníomhaíochtaí le haghaidh soláthar comhoibríoch cosanta earraí nó seirbhísí, ar earraí nó seirbhísí iad a bhfuil toirmeasc orthu faoin dlí idirnáisiúnta is infheidhme, ní bheidh siad incháilithe do thacaíocht ón Ionstraim.

Thairis sin, maidir le gníomhaíochtaí d'fhonn airm uathrialaitheacha mharfacha a sholáthar go comhoibríoch gan an fhéidearthacht a bheith ann go ndéanfadh duine rialú fónta ar chinntí maidir le roghnú agus comhrac, agus ionsaithe á ndéanamh ar dhaoine, ní bheidh siad incháilithe do thacaíocht ón Ionstraim.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Is é EUR 500 milliún i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme na hIonstraime don tréimhse ón XX 2022 go dtí an 31 Nollaig 2024.

Tá an tionchar ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil, i dtaca leis na hacmhainní buiséid agus daonna is gá, sonraithe sa ráiteas airgeadais reachtach a ghabhann leis an togra.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh go tráthrialta ar a chuid gníomhaíochtaí, athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta chun na torthaí a bhfuiltear ag súil leo a bhaint amach agus scrúdú a dhéanamh ar shineirgí le cláir chomhlántacha eile de chuid an Aontais. Ba cheart don Choimisiún tuarascáil mheastóireachta ar an Ionstraim a tharraingt suas agus í a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Déanfar measúnú sa

tuarascáil sin go háirithe ar an dul chun cinn atá déanta chun na cuspóirí a leagtar amach sa togra a bhaint amach.

2022/0219 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le bunú an Ghnímh um thionscal cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar comhoibríoch**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 173(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug Cinn Stáit nó Rialtais an Aontais, i gcruinniú in Versailles an 11 Márta, gealltanas 'ár gcumais cosanta Eorpacha a neartú' i bhfianaise fogha míleata na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Chomhaontaigh siad ar chaiteachais chosanta a mhéadú, dlús a chur leis an gcomhar trí thionscadail chomhpháirteacha, agus trí sholáthar comhoibríoch cumas cosanta, easnaimh a dhúnadh, borradh a chur faoin nuálaíocht agus tionscal cosanta an Aontais a neartú agus a fhorbairt.

(2) Mar gheall ar ionradh gan údar Chónaidhm na Rúise ar an Úcráin an 24 Feabhra 2022 agus an choinbhleacht armtha leanúnach san Úcráin, is léir go bhfuil sé ríthabhachtach gníomhú anois chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh atá ann faoi láthair. Dá thoradh sin, tá cogaíocht ard-déine agus coinbhleacht chríochach san Eoraip arís, rud a éilíonn méadú suntasach ar chumas na mBallstát na bearnaí is práinní agus is criticiúla a líonadh, go háirithe na bearnaí sin is measa de bharr an aistrithe táirgí cosanta chuig an Úcráin.

(3) Chuir an Coimisiún Eorpach agus an tArdionadaí Teachtaireacht Chomhpháirteach i láthair an 18 Bealtaine 2022 maidir leis 'an Anailís ar Bhearnaí Infheistíochta i Réimse na Cosanta agus an Bealach Chun Tosaigh'. Cuireadh i dtábhacht sa Teachtaireacht gur ann do bhearnaí airgeadais, tionsclaíocha agus cumais i réimse na cosanta laistigh den Aontas Eorpach.

(4) Léiríodh ionstraim ghearrthéarmach thiomnaithe, a dearadh de mheon na dlúthpháirtíochta, mar uirlis chun dreasacht a thabhairt do na Ballstáit, ar bhonn deonach, soláthar comhoibríoch a shaothrú chun na bearnaí is práinní agus is criticiúla a líonadh, go háirithe na bearnaí sin a cruthaíodh mar thoradh ar an bhfreagairt ar fhogha reatha na Rúise, ar bhealach comhoibríoch.

---

[1] IO C , , lch. .

(5) Beidh an ionstraim nua sin ina rannchuidiú leis an soláthar comhoibríoch cosanta a atreisiú agus, trí mhaoiniú comhlachaithe an Aontais, le cumais thionsclaíocha chosanta an Aontais a neartú.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, atreisiú Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí a bheith i gcroílár na n-iarrachtaí sin. Go deimhin, tá deacrachtaí agus bearnaí fós ann agus tá bonn tionsclaíoch na cosanta Eorpaí fós an-ilroinnte, gan gníomhaíocht chomhoibríoch leordhóthanach ná idir-inoibritheacht leordhóthanach táirgí.

(7) I gcomhthéacs an mhargaidh cosanta atá ann faoi láthair, lena mbaineann bagairt mhéadaithe slándála agus an fhéidearthacht réalaíoch go mbeidh coinbhleacht ard-déine ann, tá na Ballstáit ag méadú go tapa a mbuiséad cosanta agus tá siad ag díriú ar cheannacháin chomhchosúla. Mar thoradh air sin, tá méid éilimh ann is mó ná acmhainneachtaí monaraíochta Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí, acmhainneachtaí atá curtha in oiriúint faoi láthair d’aimsir na síochána.

(8) Dá thoradh sin, is féidir a bheith ag súil le boilsciú ard ar phraghsanna, mar aon le moilleanna níos faide ar an aga seachadta, rud a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh do shlándáil an Aontais agus a Bhallstát. Ní mór do thionscail chosanta an acmhainneacht táirgeachta is gá a bhaint amach chun orduithe a phróiseáil, mar aon le hamhábhair agus fo-chomhpháirteanna criticiúla a fháil. Sa chomhthéacs sin, d’fhéadfadh sé go dtabharfadh táirgeoirí tús áite d’orduithe móra, rud a d’fhéadfadh na tíortha is leochailí a fhágáil neamhchosanta, gan an mhéid chriticiúil ná na hacmhainní airgeadais a bheith acu chun orduithe móra a áirithiú.

(9) Thairis sin, ba cheart iarrachtaí a dhéanamh ionas go dtiocfaidh Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch Cosanta Eorpaí atá níos láidre as an gcaiteachas méadaithe. Go deimhin, gan comhordú ná comhar, is dócha go gcuirfí le hilroinnt thionscal cosanta na hEorpa de bharr na n-infheistíochtaí náisiúnta méadaithe.

(10) I bhfianaise na ndúshlán thuasluaite agus na n-athruithe struchtúracha gaolmhara ar thionscal cosanta an Aontais, is cosúil gur gá dlús a chur le coigeartú Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí, feabhas a chur ar a iomaíochas agus ar a éifeachtúlacht agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le cumais thionsclaíocha chosanta na mBallstát a neartú agus a athchóiriú. Ba cheart dul i ngleic go pras leis na bearnaí is práinní agus aghaidh á thabhairt ar easnaimh thionsclaíocha.

(11) Ba cheart, go háirithe, an soláthar comhoibríoch infheistíochta agus cosanta a dhreasú, ós rud é go n-áiritheofaí le gníomhaíochtaí comhoibríocha den sórt sin go ndéanfaí na hathruithe is gá ar bhonn tionsclaíoch an Aontais ar bhealach comhoibríoch, agus nach ndéanfaí an tionscal a ilroinnt a thuilleadh.

(12) Chuige sin, ba cheart Ionstraim Ghearrthéarmach a bhunú chun comhar na mBallstát a mhéadú le linn chéim an tsoláthair cosanta (an ‘Ionstraim’). Leis sin, thabharfaí dreasacht do na Ballstáit gníomhaíochtaí comhoibríocha a shaothrú agus go háirithe, i gcás ina soláthraíonn siad chun na bearnaí sin a líonadh, é sin a dhéanamh go comhpháirteach, agus ar an gcaoi sin an leibhéal idir-inoibritheachta a mhéadú, agus a gcumais thionsclaíocha chosanta a neartú agus a athchóiriú.

(13) Leis an Ionstraim Ghearrthéarmach, ba cheart an chastacht agus na rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí comhpháirteacha den sórt sin a fhritháireamh agus, an tráth céanna, barainneachtaí scála a chumasú sna gníomhaíochtaí a dhéanann Ballstáit chun Bonn Teicneolaíoch agus Tionsclaíoch na hEorpa a atreisiú agus a nuachóiriú, rud a mhéadóidh, ar an gcaoi sin, athléimneacht toillte agus slándáil soláthair an Aontais. Is

é a thiocfadh as soláthar comhoibríoch a dhreasú freisin costais laghdaithe i dtéarmaí shaothrú, chothabháil agus aistarraingt na gcóras.

(14) Leis an Ionstraim seo, cuirfear le hobair an Tascfhórsa um Sholáthar Comhpháirteach Cosanta arna bhunú ag an gCoimisiún agus ag an Ardionadaí/Ceann Gníomhaireachta, agus cuirfear san áireamh an obair sin, i gcomhréir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach dar teideal 'Anailís ar Bhearnaí Infheistíochta i Réimse na Cosanta agus an Bealach Chun Tosaigh', chun riachtanais an-ghearrthéarmacha maidir le soláthar cosanta a chomhordú agus oibriú i gcomhar leis na Ballstáit agus monaróirí cosanta AE chun tacú leis an soláthar comhpháirteach chun stoic a athshlánú, go háirithe i bhfianaise na tacaíochta atá tugtha don Úcráin.

(15) Tá an Ionstraim comhleanúnach le tionscnaimh chomhoibríocha de chuid an Aontais atá ann cheana a bhaineann le cosaint, cuir i gcás an Ciste Eorpach Cosanta mar aon leis an mBuanchomhar Struchtúrtha (PESCO), agus gintear léi sineirgí le cláir eile de chuid an Aontais. Tá an Ionstraim go hiomlán comhleanúnach le huaillmhian an Chompáis Straitéisigh.

(16) Ós rud é go bhfuil sé d'aidhm ag an ionstraim iomaíochas agus éifeachtúlacht thionscal cosanta an Aontais a fheabhsú, chun tairbhiú den ionstraim, is gá conarthaí soláthair chomhoibríoch a thabhairt i gcrích le heintitis dhlítheanacha atá bunaithe san Aontas nó i dtíortha comhlachaithe agus nach bhfuil faoi réir rialú ag tríú tíortha neamhchomhlachaithe nó ag eintitis tríú tír neamhchomhlachaithe. Ós amhlaidh atá, ba cheart rialú a thuiscint mar an cumas tionchar cinntitheach a fheidhmiú ar eintiteas dlíthiúil go díreach nó go hindíreach trí eintiteas dlíthiúil idirmheánach amháin nó níos mó. Ina theannta sin, chun a áirithiú go gcosnófar leasanna fíor-riachtanacha slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát, bonneagar, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní na gconraitheoirí agus na bhfochonraitheoirí a bhfuil baint acu leis an soláthar comhoibríoch a úsáidtear chun críoch an tsoláthair chomhoibríoch, beidh siad lonnaithe ar chríoch Ballstáit nó ar chríoch tríú tír chomhlachaithe.

(17) In imthosca áirithe, ba cheart a bheith in ann maolú ón bprionsabal nach bhfuil conraitheoirí agus fochonraitheoirí a bhfuil baint acu le soláthar comhoibríoch dá dtugtar tacaíocht ón Ionstraim faoi réir rialú ag tríú tír neamhchomhlachaithe ná eintitis tríú tír neamhchomhlachaithe. Sa chomhthéacs sin, féadfaidh eintiteas dlítheanach atá bunaithe san Aontas nó i dtríú tír chomhlachaithe agus atá á rialú ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas tríú tír neamhchomhlachaithe a bheith rannpháirteach mar chonraitheoir agus mar fhochonraitheoir a bhfuil baint aige leis an soláthar comhoibríoch má chomhlíontar coinníollacha dochta a bhaineann le leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát, mar a bhunaítear faoi chuimsiú an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), lena n-áirítear i dtéarmaí Bonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí a neartú.

(18) Thairis sin, áireofar le nósanna imeachta agus conarthaí soláthair chomhoibríoch ceanglas nach mbeidh an táirge cosanta faoi réir rialú nó srianadh ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas tríú tír neamhchomhlachaithe.

(19) Féadfaidh deontais faoin Ionstraim a bheith i bhfoirm maoiniú nach bhfuil nasctha le costais atá bunaithe ar thorthaí a bhaint amach faoi threoir pacáistí oibre, garspriocanna nó spriocanna a bhaineann leis an bpróiseas soláthair chomhoibríoch, chun an éifeacht dreasachta is gá a chruthú.

(20) I gcás ina bhfuil deontas an Aontais i bhfoirm maoiniú nach bhfuil nasctha le costais, ba cheart don Choimisiún na coinníollacha cistiúcháin le haghaidh gach gníomhaíochta a chinneadh sa chlár oibre, go háirithe (a) tuairisc ar ghníomhaíocht lena mbaineann comhar le haghaidh soláthar comhoibríoch d’fhonn aghaidh a thabhairt ar na riachtanais acmhainneachta is práinní agus is criticiúla, (b) na garspriocanna le haghaidh chur chun feidhme na gníomhaíochta, (c) an t-ord garbh méide a bhfuiltear ag súil leis ón soláthar comhoibríoch agus (d) an ranníocaíocht uasta ón Aontas atá ar fáil.

(21) Chun an éifeacht dreasachta a ghiniúint, d’fhéadfaí leibhéal na ranníocaíochta ón Aontas a dhifreáil bunaithe ar imthosca amhail (a) castacht an tsoláthair chomhoibríoch, a bhféadfadh cion de mhéid réamh-mheasta an chonartha soláthair, bunaithe ar an taithí a fuarthas ó ghníomhaíochtaí comhchosúla, a fheidhmiú mar athróg ionadach tosaigh ina leith, (b) saintréithe an chomhair, amhail úsáid chomhpháirteach, stoc-charnadh, úinéireacht nó cothabháil, ar saintréithe iad ar dócha go spreagfaidís torthaí idir-inoibritheachta níos láidre agus comharthaí infheistíochta fadtéarmacha don tionscal, agus (c) líon na mBallstát rannpháirteach nó na dtíortha comhlachaithe rannpháirteacha nó tuilleadh Ballstát nó tíortha comhlachaithe a áireamh i gcomhair atá ann cheana.

(22) Ba cheart do na Ballstáit gníomhaire soláthair a cheapadh chun soláthar comhoibríoch a dhéanamh thar a gceann. Ba cheart an gníomhaire soláthair a bheith ina údarás conarthach arna bhunú i mBallstát nó i dtríú tír chomhlachaithe, lena n-áirítear comhlachtaí de chuid an Aontais nó eagraíochtaí idirnáisiúnta, cuir i gcás an *Organisation Conjointe de Coopération en matière d’Armement* (OCCAR).

(23) I gcomhréir le hAirteagal 193(2) den Rialachán Airgeadais, féadfar deontas a dhámhachtain le haghaidh gníomhaíocht ar cuireadh tús léi cheana, ar choinníoll gur féidir leis an iarratasóir a léiriú gur gá tús a chur leis an ngníomhaíocht sula síneofar an comhaontú deontais. Mar sin féin, níor cheart tréimhse roimh an dáta a chuirtear an t-iarratas ar dheontas isteach a chumhdach le ranníocaíocht airgeadais, seachas i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo. Ionas nach gcuirfear isteach ar thacaíocht an Aontais, rud a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna an Aontais, ba cheart a bheith in ann foráil a dhéanamh sa chinneadh maoiniúcháin maidir le ranníocaíochtaí airgeadais le haghaidh gníomhaíochtaí lena gcumhdaítear tréimhse ón 24 Feabhra 2022, fiú má cuireadh tús leo sular cuireadh an t-iarratas ar dheontas isteach.

Tá feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 (an ‘Rialachán Airgeadais’) maidir leis an gClár seo. Leagtar síos leis rialacha maidir le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le deontais.

(25) Leagtar síos leis an Rialachán seo imchlúdach airgeadais don Chiste arb éard a bheidh ann an príomh-mhéid tagartha, de réir bhrí phointe 18 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[2] (Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020), do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le linn an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

---

2 IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28.

(26) I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2988/95 ón gComhairle[4], Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle[5] agus Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle[6], déanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear trí neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath, a cheartú agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) calaois agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a fhiosrú agus a ionchúiseamh dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7]. I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, ní mór d'aon duine nó d'aon eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas comhoibriú go hiomlán le cosaint leasanna airgeadais an Aontais agus na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, do EPPO agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE), agus ní mór dó a áirithiú go ndéanfaidh aon tríú páirtí a bheidh rannpháirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha a dheonú.

(27) De bhun Airteagal 94 de Chinneadh 2013/755/AE ón gComhairle[8], tá daoine agus eintitis atá lonnaithe i dtíortha agus críocha thar lear incháilithe do chistiúchán faoi réir rialacha agus chuspóirí na hIonstraime agus faoi réir aon socruithe féideartha is infheidhme maidir leis an mBallstát lena mbaineann an tír nó an chríoch ábhartha thar lear.

(28) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

---

[3] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

[4] Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 an 18 Nollaig 1995 ón gComhairle maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.95, lch. 1).

[5] Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

[6] Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

[7] Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

[8] Cinneadh 2013/755/AE ón gComhairle an 25 Samhain 2013 maidir le comhlachas na dtíortha agus na gcríoch thar lear leis an Aontas Eorpach (an Cinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear) (IO L 344, 19.12.2013, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Ábhar*

Bunaítear leis an Rialachán seo an Gníomh um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar comhoibríoch (an 'Ionstraim').

*Airteagal 2*
*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn '**soláthar comhoibríoch**' soláthar comhoibritheach a dhéanann trí Bhallstát ar a laghad i gcomhpháirt le chéile;

(2) ciallaíonn '**rialú ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe**' an cumas tionchar cinntitheach a imirt ar eintiteas dlítheanach go díreach, nó go hindíreach trí eintiteas dlítheanach idirmheánach amháin nó níos mó;

(3) ciallaíonn '**struchtúr bainistíochta feidhmiúcháin**' comhlacht eintitis dhlíthiúil, a cheaptar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus, i gcás inarb infheidhme, a thugann tuarascáil don phríomhoifigeach feidhmiúcháin, a chumhachtaítear chun straitéis, cuspóirí agus treo foriomlán an eintitis dhlíthiúil sin a bhunú, agus a dhéanann maoirseacht agus faireachán ar chinnteoireacht na bainistíochta;

(4) ciallaíonn '**eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe**' eintiteas dlíthiúil arna bhunú i dtríú tír neamhchomhlachaithe nó, i gcás inar bunaíodh san Aontas nó i dtír comhlachaithe é, a bhfuil a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin i dtríú tír neamhchomhlachaithe;

(5) ciallaíonn '**gníomhaire soláthair**' údarás conarthach atá bunaithe i mBallstát nó i dtír chomhlachaithe agus atá ainmnithe ag trí Bhallstát ar a laghad chun soláthar comhoibríoch a dhéanamh thar a gceann, lena n-áirítear comhlachtaí de chuid an Aontais nó eagraíochtaí idirnáisiúnta;

(6) ciallaíonn '**tríú tír**' tír nach bhfuil ina ball den Aontas.

*Airteagal 3*
*Cuspóirí*

1. Tá ag an Ionstraim na cuspóirí seo a leanas:

(a) iomaíochas agus éifeachtúlacht Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (EDTIB) a chothú ar mhaithe le hAontas atá níos athléimní, go háirithe trí dhlús a chur, ar bhealach comhoibríoch, le coigeartú an tionscail d'athruithe struchtúracha, lena n-áirítear borradh a chur faoina acmhainneachtaí monaraíochta;

(b) an comhar a chothú sa phróiseas soláthair cosanta idir na Ballstáit rannpháirteacha a rannchuidíonn leis an dlúthpháirtíocht, leis an idir-inoibritheacht, le cosc a chur ar aon bhrú amach, le hilroinnt a sheachaint agus le héifeachtúlacht an chaiteachais phoiblí a mhéadú.

2. Saothrófar na cuspóirí agus béim á leagan ar bhonn tionsclaíoch cosanta an Aontais a neartú agus a fhorbairt ionas go mbeidh sé in ann aghaidh a thabhairt go háirithe ar na riachtanais is práinní agus is criticiúla maidir le táirgí cosanta, go háirithe na riachtanais sin a léiríodh nó a méadaíodh mar gheall ar an bhfreagairt d'fhogha na Rúise in aghaidh na hÚcráine, agus obair an Tascfhórsa um Sholáthar Comhpháirteach Cosanta á cur san áireamh.

*Airteagal 4*
*Buiséad*

1. Is é EUR 500 milliún i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais chun an Ionstraim a chur chun feidhme le haghaidh na tréimhse ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo go dtí an 31 Nollaig 2024.

2. Féadfar an méid dá dtagraítear i mír 1 a úsáid le haghaidh cúnamh teicniúil agus cúnamh riaracháin chun an Ionstraim a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialaithe, iniúchóireachta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha.

3. Féadfar acmhainní arna leithdháileadh ar Bhallstáit faoin mbainistíocht chomhroinnte a aistriú chuig an Ionstraim, ar iarraidh sin ón mBallstát lena mbaineann faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i bhforálacha ábhartha Rialachán na bhForálacha Coiteanna le haghaidh 2021-2027. Cuirfidh an Coimisiún na hacmhainní sin chun feidhme go díreach i gcomhréir le pointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 62(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ('an Rialachán Airgeadais'). Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann.

4. Féadfar gealltanais bhuiséadacha maidir le gníomhaíochtaí a mhairfidh níos faide ná bliain airgeadais amháin a mhiondealú ina dtráthchodanna bliantúla thar roinnt blianta.

*Airteagal 5*
*Tríú tíortha atá bainteach leis an Ionstraim*

Beidh an Ionstraim oscailte do rannpháirtíocht na mBallstát agus rannpháirtíocht chomhaltaí Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (tíortha comhlachaithe), i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

*Airteagal 6*
*Cur chun feidhme agus foirmeacha cistiúcháin ón Aontas*

1. Is tríd an mbainistíocht dhíreach a chuirfear an Ionstraim chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

2. Leis an gcistiúchán ón Aontas, dreasófar an comhar idir na Ballstáit chun na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3 a chomhlíonadh. Socrófar an ranníocaíocht airgeadais agus cineál comhoibríoch an tsoláthair chomhoibríoch á chur san áireamh mar aon le méid iomchuí chun an éifeacht dreasachta is gá a chruthú chun comhar a spreagadh.

3. I gcás inar gá chun gníomhaíocht a chur chun feidhme, féadfar tréimhse roimh dháta na hiarrata ar ranníocaíochtaí airgeadais le haghaidh na gníomhaíochta sin a

chumhdach le ranníocaíochtaí airgeadais, ar choinníoll nár cuireadh tús leis an ngníomhaíocht roimh an 24 Feabhra 2022.

4. Deontais a chuirfear chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, déanfar iad a dhámhachtain agus a bhainistiú i gcomhréir le Teideal VIII den Rialachán Airgeadais.

*Airteagal 7*
*Gníomhaíochtaí incháilithe*

1. Ní bheidh ach gníomhaíochtaí atá i gcomhréir le gach ceann de na critéir seo a leanas incháilithe do chistiúchán:

(a) beidh comhar i gceist leis na gníomhaíochtaí maidir le soláthar comhoibríoch na dtáirgí cosanta is práinní agus is criticiúla idir eintitis incháilithe a chuireann na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3 chun feidhme;

(b) Beidh comhar nua i gceist leis na gníomhaíochtaí nó comhar atá ann cheana a leathnú chuig Ballstáit nua nó chuig tíortha comhlachaithe;

(c) déanfaidh cuibhreannas ina mbeidh trí Bhallstát ar a laghad na gníomhaíochtaí;

(d) beidh na gníomhaíochtaí i gcomhréir leis na coinníollacha breise mar a leagtar amach in Airteagal 8.

2. Ní bheidh na gníomhaíochtaí seo a leanas incháilithe do chistiúchán:

(a) gníomhaíochtaí le haghaidh soláthar comhoibríoch earraí nó seirbhísí a bhfuil toirmeasc orthu faoin dlí idirnáisiúnta is infheidhme;

(b) gníomhaíochtaí le haghaidh soláthar comhoibríoch arm uathrialaitheach marfach gan an fhéidearthacht a bheith ann go ndéanfadh duine rialú fónta ar chinntí maidir le roghnú agus comhrac, agus ionsaithe á ndéanamh ar dhaoine.

*Airteagal 8*
*Coinníollacha cistiúcháin breise*

1. Déanfaidh na Ballstáit nó tríú tíortha comhlachaithe gníomhaire soláthair a cheapadh chun gníomhú thar a gceann chun críoch an tsoláthair chomhoibríoch. Is é an gníomhaire soláthair a dhéanfaidh na nósanna imeachta soláthair agus tabharfaidh sé na comhaontuithe a thiocfaidh astu i gcrích leis na conraitheoirí thar ceann na mBallstát atá rannpháirteach.

2. Na nósanna imeachta soláthair dá dtagraítear i mír 1, beidh siad bunaithe ar chomhaontú a bheidh le síniú ag na Ballstáit rannpháirteacha leis an ngníomhaire soláthair faoi na coinníollacha a leagtar amach sa chlár oibre dá dtagraítear in Airteagal 11.

3. Áireofar le nósanna imeachta agus conarthaí soláthair chomhoibríoch ceanglais rannpháirtíochta le haghaidh conraitheoirí agus fochonraitheoirí a bhfuil baint acu leis an soláthar comhoibríoch dá dtagraítear i míreanna 4 go 10.

4. Conraitheoirí agus fochonraitheoirí a bhfuil baint acu leis an soláthar comhoibríoch, beidh siad bunaithe san Aontas agus beidh a struchtúir bhainistíochta feidhmiúcháin acu san Aontas. Ní bheidh siad faoi réir rialú tríú tír neamhchomhlachaithe ná eintitis tríú tír neamhchomhlachaithe.

5. De mhaolú ar mhír 4, i gcás eintiteas dlítheanach atá bunaithe san Aontas nó i dtríú tír chomhlachaithe agus atá á rialú ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas tríú tír neamhchomhlachaithe, ní fhéadfaidh sé a bheith rannpháirteach mar chonraitheoir agus mar fhochonraitheoir a bhfuil baint aige leis an soláthar comhoibríoch ach amháin má thugann sé ráthaíochtaí arna bhformheas ag an mBallstát nó ag an tríú tír chomhlachaithe ina bhfuil an conraitheoir bunaithe.

6. Tabharfaidh na Ballstáit rannpháirteacha fógra don Choimisiún ón ngníomhaire soláthair maidir leis na ráthaíochtaí arna dtabhairt ag conraitheoir nó ag fochonraitheoir a bhfuil baint aige leis an soláthar comhoibríoch, atá bunaithe san Aontas nó i dtríú tír chomhlachaithe, agus atá á rialú ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas tríú tír neamhchomhlachaithe. Cuirfear na ráthaíochtaí agus na forálacha gaolmhara sa chonradh soláthair ar fáil don Choimisiún arna iarraidh sin dó. Tabharfar dearbhuithe sna ráthaíochtaí nach sárófaí leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát mar a bhunaítear i gcreat CBES de bhun Theideal V de CAE, ná na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 de dheasca rannpháirtíocht an chonraitheora nó an fhochonraitheora a bhfuil baint aige leis an soláthar comhoibríoch.

7. Tabharfar bunús sna ráthaíochtaí go háirithe go bhfuil bearta i bhfeidhm, chun críoch an tsoláthair chomhoibríoch, chun an méid seo a leanas a áirithiú:

   (a) nach bhfeidhmeofar rialú ar an gconraitheoir nó ar an bhfochonraitheoir a bhfuil baint aige leis an soláthar comhoibríoch ar bhealach lena gcuirfear srian nó teorainn lena chumas an t-ordú a chur i gcrích agus torthaí a bhaint amach agus;

   (b) go mbeidh cosc ar rochtain a bheith ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas tríú tír neamhchomhlachaithe ar fhaisnéis íogair agus go mbeidh imréiteach náisiúnta slándála arna eisiúint ag Ballstát ag na fostaithe nó ag daoine eile a bhfuil baint acu leis an soláthar comhoibríoch.

8. Maidir le bonneagar, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní na gconraitheoirí agus na bhfochonraitheoirí a bhfuil baint acu leis an soláthar comhoibríoch a úsáidtear chun críoch an tsoláthair chomhoibríoch, beidh siad lonnaithe ar chríoch Ballstáit nó ar chríoch tríú tír chomhlachaithe. I gcás nach bhfuil aon ionadaí iomaíoch ar fáil go héasca san Aontas nó i dtríú tír chomhlachaithe, féadfaidh conraitheoirí agus fochonraitheoirí atá rannpháirteach sa soláthar comhoibríoch úsáid a bhaint as a sócmhainní, a mbonneagar, a saoráidí agus a n-acmhainní atá lonnaithe nó atá á sealbhú lasmuigh de chríoch na mBallstát nó na dtríú tíortha comhlachaithe ar choinníoll nach sáróidh an úsáid sin leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a Bhallstát agus go bhfuil sí comhsheasmhach leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3.

9. Áireofar le nósanna imeachta agus conarthaí soláthair chomhoibríoch ceanglas nach mbeidh an táirge cosanta faoi réir srianadh ag tríú tír neamhchomhlachaithe nó ag eintiteas tríú tír neamhchomhlachaithe.

10. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn ‘fochonraitheoirí a bhfuil baint acu leis an soláthar comhoibríoch’ gach ceann díobh seo a leanas:

   (a) fochonraitheoirí a bhfuil gaol conarthach díreach acu le conraitheoir;

   (b) fochonraitheoirí eile a leithdháiltear ar a laghad 10 % den sciar oibre orthu;

(c) fochonraitheoirí a bhféadfadh sé go dteastódh rochtain uathu ar fhaisnéis rúnaicmithe chun an soláthar comhoibríoch a dhéanamh.

*Airteagal 9*
*Eintitis incháilithe*

Ar choinníoll go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta a leagtar amach in Airteagal 197 den Rialachán Airgeadais, beidh na heintitis seo a leanas incháilithe do chistiúchán:

(a) údaráis chonarthacha phoiblí nó eintitis chonarthacha mar a shainmhínítear i dTreoracha 2014/24/AE[9] agus 2014/25/AE[10] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

(b) údaráis phoiblí tríú tíortha comhlachaithe.

*Airteagal 10*
*Critéir dhámhachtana*

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar na tograí a chuirfear isteach ar bhonn na gcritéar dámhachtana seo a leanas:

1. Rannchuidiú na gníomhaíochta le bonn tionsclaíoch cosanta an Aontais a neartú agus a fhorbairt ionas go mbeidh sé in ann aghaidh a thabhairt go háirithe ar na riachtanais is práinní agus is criticiúla maidir le táirgí cosanta dá dtagraítear in Airteagal 3, lena n-áirítear i ndáil leis an nós imeachta soláthair agus agaí seachadta, stoic a athshlánú, infhaighteacht agus soláthar;

2. rannchuidiú na gníomhaíochta le hiomaíochas agus le hoiriúnú EDTIB, lena n-áirítear tríd an mborradh atá beartaithe a chur faoina acmhainneachtaí monaraíochta, trí acmhainneachtaí monaraíochta a fhorchoimeád, trína athsciliú agus trína uas-sciliú, agus trína nuachóiriú foriomlán;

3. rannchuidiú na gníomhaíochta leis an gcomhar i measc na mBallstát nó tíortha comhlachaithe agus idir-inoibritheacht táirgí a neartú;

4. líon na mBallstát nó na dtíortha comhlachaithe atá rannpháirteach sa soláthar comhoibríoch;

5. méid mheasta an tsoláthair chomhoibríoch agus aon dearbhú ó na rannpháirtithe go ndéanfaidh siad na táirgí cosanta arna soláthar a úsáid go comhpháirteach, a stoc-charnadh, a bheith ina seilbh acu nó a chothabháil;

6. éifeacht chatalaíoch thacaíocht airgeadais an Aontais trí léiriú a thabhairt ar an gcaoi ar féidir le ranníocaíocht an Aontais constaicí ar an soláthar comhoibríoch a shárú;

7. cáilíocht agus éifeachtúlacht na bpleananna chun an ghníomhaíocht a dhéanamh.

---

[9] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

[10] Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar ag eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

*Airteagal 11*
*Clár oibre*

1. Is trí chlár oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 den Rialachán Airgeadais a chuirfear an Ionstraim chun feidhme.

2. Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, an clár oibre dá dtagraítear i mír 1. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 14 mír 3.

3. Leagfar amach sa chlár oibre íosmhéid airgeadais na ngníomhaíochtaí comhpháirteacha soláthair agus cinnfear leis méid táscach na tacaíochta airgeadais le haghaidh gníomhaíochtaí a dhéanann an líon íosta Ballstát dá dtagraítear i bpointe c) d'Airteagal 7, mír 1, mar aon le dreasachtaí le haghaidh soláthar ar luach níos airde agus chun Ballstáit bhreise nó tíortha comhlachaithe breise a áireamh.

4. Leagfar amach sa chlár oibre na tosaíochtaí cistiúcháin i gcomhréir leis na riachtanais dá dtagraítear in Airteagal 3, mír 2.

*Airteagal 12*
*Faireachán agus tuairisciú*

1. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta ar an Ionstraim a tharraingt suas tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2024 agus í a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil ar thionchar agus ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí a dhéantar faoin Ionstraim.

2. Cuirfidh an tuarascáil le comhairliúcháin leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara tábhachtacha, agus déanfar measúnú inti go háirithe ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 a bhaint amach.

*Airteagal 13*
*Faisnéis, cumarsáid agus poiblíocht*

1. Tabharfaidh faighteoirí cistiúcháin ón Aontas aitheantas d'fhoinse an chistiúcháin ón Aontas agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistiúcháin (go háirithe nuair a bheidh na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á gcur chun cinn) trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a thabhairt do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal.

2. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis an Ionstraim, lena gníomhaíochtaí agus lena torthaí. Leis na hacmhainní airgeadais arna leithdháileadh ar an Ionstraim, rannchuideofar le cumarsáid chorparáideach thosaíochtaí polaitiúla an Aontais freisin, a fhad a bhaineann siad sin leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3.

*Airteagal 14*
*Nós imeachta coiste*

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. Tabharfar cuireadh don Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint a barúlacha agus a saineolas a chur ar fáil don choiste mar bhreathnóir. Iarrfar ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí freisin cúnamh a thabhairt don choiste.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 15*
*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Gníomh um thionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí Sholáthar Comhoibríoch.

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Beartas tionsclaíoch cosanta an Aontais

### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

☑ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart[11]**

☐ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí ginearálta*

Tá ag an Ionstraim na cuspóirí seo a leanas:

Féach an togra le haghaidh gníomh dlí atá i gceangal leis seo.

*1.4.2. Cuspóirí sonracha*

Neamhbhainteach

*1.4.3. An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

An toradh a bhfuiltear ag súil leis:

Beidh an Ionstraim ina cuidiú le bonn tionsclaíoch cosanta an Aontais a atreisiú agus a fhorbairt ionas go mbeidh sé in ann aghaidh a thabhairt ar na bearnaí tionsclaíocha i gcoibhneas leis na riachtanais is práinní agus is criticiúla maidir le táirgí cosanta, go háirithe na riachtanais sin a léiríodh nó a méadaíodh mar gheall ar an bhfreagairt d'fhogha na Rúise in aghaidh na hÚcráine.

Ba cheart ranníocaíocht airgeadais an Aontais a bheith ina rannchuidiú le leas a bhaint as roinnt gníomhaíochtaí soláthair chomhoibríoch nach gcuirfí tús leo murach sin, mar gheall ar na rioscaí agus an chastacht a bhaineann le soláthair chomhoibríocha cosanta.

Leis an gcomhar méadaithe, meastar go gcuirfear luach níos mó ar airgead ar fáil, go gcuirfear feabhas ar an idir-inoibritheacht agus go bhfágfar nach gcuirfear bac ar na Ballstáit den Aontas is mó atá neamhchosanta an méid a theastaíonn uathu a fháil, de bharr éilimh ar an tionscal cosanta atá ag teacht salach ar a chéile, ar tionscal é nach bhfuil in oiriúint do mhéadú den sórt sin ar an éileamh.

[11] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

An tionchar a bhfuil súil leis:

Le ranníocaíocht EUR 500 milliún ón Aontas, bheifí in ann dreasacht iomchuí a thabhairt do na Ballstáit chun iad a spreagadh chun soláthar a dhéanamh go comhoibríoch. Ba cheart soláthar comhoibríoch AE a bheith ina ghnáthnós, seachas ina eisceacht. Ina theannta sin, leis an Ionstraim, cothófar EDTIB atá sofhreagrúil agus iomaíoch. San fhadtéarma, táthar ag súil go mbeidh buntáistí ag baint le hinfheistíochtaí breise in EDTIB a mhéid a bhaineann le poist a chruthú, scileanna agus feabhas a chur ar shlándáil an tsoláthair.

*1.4.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Agus an tréimhse ghearr cur chun feidhme á cur san áireamh, déanfar measúnú ar thorthaí agus ar thionchair na hIonstraime faoi mheastóireacht shiarghabhálach ag deireadh chur chun feidhme an chláir.

Na táscairí riachtanacha a úsáidfear chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an chláir, áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfidh an t-eintiteas, a gcuirfear cur chun feidhme an chláir ar a iontaoibh, na táscairí sin i bhfeidhm. Áireofar leo sin:

- an líon gníomhaíochtaí soláthair chomhoibríoch a cuireadh chun feidhme
- luach iomlán na ngníomhaíochtaí soláthair chomhoibríoch a cuireadh chun feidhme
- líon na mBallstát atá bainteach mar chomhaltaí cuibhreannais
- gur oscail na Ballstáit comhair a bhí ann cheana do chomhaltaí nua

**1.5. Forais an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n- áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Cuirfear an Rialachán chun feidhme trí bhainistíocht dhíreach. Is gá na saineolaithe iomchuí a bheith ar fhoireann an Choimisiúin chun faireachán éifeachtach a dhéanamh ar an gcur chun feidhme.

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí, nó gnóthachain de thoradh comhordú). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.*

Cé go bhfuil roinnt buntáistí soiléire ag baint leis an gcomhar (idir-inoibritheacht mhéadaithe, costais aonaid agus chothabhála laghdaithe), leanann na Ballstáit de chórais chosanta a sholáthar ar bhonn náisiúnta den chuid is mó. Mar thoradh air sin, tá margadh an-ilroinnte ann ina bhfuil sadhlanna tionsclaíocha náisiúnta agus, dá réir sin, an iliomad córas cosanta den chineál céanna, ar córais iad gur minic nach mbíonn siad idir-inoibritheach le chéile. An tráth céanna, i gcomhthéacs an mhargaidh cosanta atá ann faoi láthair, lena mbaineann bagairt mhéadaithe slándála agus an t-ionchas réalaíoch go mbeidh coinbhleacht ard-déine ann, tá na Ballstáit ag méadú go tapa a mbuiséad cosanta agus tá siad ag díriú ar cheannacháin chomhchosúla trealaimh. Mar thoradh air sin, tá méid éilimh ann is mó ná

acmhainneachtaí monaraíochta EDTIB, acmhainneachtaí atá curtha in oiriúint faoi láthair d'aimsir na síochána.

Dá thoradh sin, is féidir a bheith ag súil le boilsciú ard ar phraghsanna, mar aon le moilleanna níos faide ar an aga seachadta, rud a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do shlándáil shaoránaigh an Aontais. Ní mór do thionscail chosanta an acmhainneacht táirgeachta is gá a bhaint amach chun orduithe a phróiseáil, mar aon le hamhábhair agus fo-chomhpháirteanna criticiúla a fháil. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh sé go dtabharfadh monaróirí cosanta tús áite d'orduithe móra, rud a d'fhéadfadh na tíortha is leochailí a fhágáil neamhchosanta, gan an mhéid chriticiúil ná na hacmhainní airgeadais a bheith acu chun orduithe móra a áirithiú. Dá bhrí sin, is gá an soláthar comhpháirteach a dhreasú, agus thiocfadh an buntáiste as sin go n-áiritheofaí, cé gur féidir le tionscal na cosanta dul in oiriúint níos tapa d'athruithe reatha struchtúracha sa mhargadh, go bhfaigheadh Fórsaí Armtha náisiúnta coinníollacha agus amlíne seachadta níos fearr trí dhul i gcomhar ag céim na fála. Thairis sin, bheadh costais laghdaithe i dtéarmaí shaothrú, chothabháil agus aistarraingt na gcóras (costais a mheastar gur 55 % de chostas iomlán trealaimh iad) mar thoradh ar an gcomhar i réimse na fála.

Dá thoradh sin, i bhfianaise na staide reatha, tá gá le hidirghabháil bheartais ar leibhéal an Aontais Eorpaigh chun feabhas a chur ar an leibhéal comhair atá ann faoi láthair trí chomhar airgeadais idir na Ballstáit a dhreasú sa phróiseas soláthair cosanta. Rachaidh idirghabháil den sórt sin chun tairbhe do shlándáil shaoránaigh an Aontais agus do EDTIB.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Neamhbhainteach

1.5.4. *Comhoiriúnacht don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Beidh an Ionstraim ina comhlánú ar chláir de chuid an Aontais atá ann cheana, cuir i gcás an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta agus an Ciste Eorpach Cosanta mar aon le tionscnaimh cosanta de chuid an Aontais amhail an Buanchomhar Struchtúrtha (PESCO). Ginfear léi sineirgí freisin agus an Compás Straitéiseach um Shlándáil agus Cosaint chomh maith le cláir eile de chuid an Aontais á gcur chun feidhme.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoiniúcháin atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí maidir le hathshannadh a dhéanamh*

Neamhbhainteach

**1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh aige**

☑ **tréimhse theoranta**

– ☑ i bhfeidhm ó 2022 go dtí an 31 Nollaig 2024

– ☑ Tionchar airgeadais ó 2022 go 2024 maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó 2023 go 2027 maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus feidhm iomlán ina dhiaidh sin.

**1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe**[12]

☑ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☑ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn 'Nótaí' le do thoil.*

Nótaí

| |
|---|
| Is tríd an mbainistíocht dhíreach a chuirfear an Ionstraim chun feidhme i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais. |

[12] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh an mhinicíocht agus na coinníollacha.*

I gcomhréir le hairteagal 13 den Ionstraim, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta a tharraingt suas tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2024 le haghaidh na hionstraime agus cuirfidh sé faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle í. Déanfar meastóireacht sa tuarascáil ar thionchar agus ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí faoin Ionstraim.

Chuige sin, cuirfidh an Coimisiún na socruithe faireacháin is gá i bhfeidhm chun a áirithiú go mbaileofar na sonraí ábhartha ar bhealach iontaofa rianúil.

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Is ar an gCoimisiún a bheadh an fhreagracht fhoriomlán as an Ionstraim a chur chun feidhme. Go háirithe, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an Ionstraim a chur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach. Trí mhodh na bainistíochta dírí a úsáid, soiléirítear na freagrachtaí (cur chun feidhme a dhéanann oifigigh údarúcháin), giorraítear an slabhra seachadta (laghdú ar an am chun deontas a thabhairt agus ar an am chun íocaíocht a dhéanamh), seachnaítear coinbhleachtaí leasa agus laghdaítear costais cur chun feidhme (gan táillí bainistíochta d'eintiteas ar cuireadh cúram air). Ba cheart don Choimisiún na tosaíochtaí agus na coinníollacha cistiúcháin a shainiú trí chlár oibre ilbhliantúil amháin. Ba cheart obair an Tascfhórsa um Sholáthar Comhpháirteach Cosanta a bheith ina tacú le sainiú na dtosaíochtaí. Ba cheart Coiste Cláir Ballstát a bhunú, mar a n-iarrfar ar an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint a tuairimí agus a saineolas a chur ar fáil don choiste mar bhreathnóir, agus iarrfar ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí cúnamh a thabhairt ar an gcoiste. Ghlacfadh an Coimisiún an clár oibre ilbhliantúil tar éis dó tuairim an choiste faoin nós imeachta scrúdúcháin a fháil.

Is i bhfoirm deontas den chuid is mó a bheidh an cistiúchán faoin Ionstraim. Socrófar an ranníocaíocht airgeadais chun cineál comhoibríoch an tsoláthair chomhoibríoch a chur san áireamh mar aon le méid breise chun an comhar idir na Ballstáit a dhreasú chun soláthar a dhéanamh le chéile. Féadfaidh an Coimisiún maoiniú nach bhfuil nasctha le costas a úsáid, chun an t-ualach riaracháin ar na tairbhithe a laghdú agus an bhéim a chur ar na cuspóirí inmhianaithe a bhaint amach agus, dá bhrí sin, éifeachtach agus éifeachtúlacht thacaíocht an Aontais a mhéadú.

Beidh na módúlachtaí íocaíochta fós cosúil leis na módúlachtaí a bhí in EDIDP agus in CEF, i.e. trí íocaíocht le haghaidh gach deontais (lena n-áirítear ar a laghad aon réamh-mhaoiniú amháin). Ullmhófar an réamhaisnéis íocaíochta bunaithe ar thogra an tairbhí, chun go mbeidh an tairbhí in ann an soláthar a bhainistiú go héifeachtach agus aon saincheist cisteáin a sheachaint. Coimeádann an Coimisiún an t-údarás agus íocaíocht á ceadú aige, go háirithe an ceart dlíthiúil a bheith aige an íocaíocht sin a laghdú i gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha maidir le scaoileadh na híocaíochta

(i gcás nach mbainfear garspriocanna amach nó nach dtáirgfear táirgí inseachadta in am).

An straitéis rialaithe a shaineofar sa chomhaontú deontais, beidh sí bunaithe ar an taithí bheag a fuarthas in CEF, agus ar a cláir réamhtheachtacha, EDIDP agus PADR, i gcásanna ina mbaintear úsáid as deontais ina n-úsáidtear roghanna costas simplithe (ranníocaíochtaí cnapshuime). Go háirithe, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún maoiniú nach bhfuil nasctha le costais a úsáid, i gcás ina gcinntear méid an deontais *ex ante* bunaithe ar choinníollacha áirithe a chomhlíonadh (incháilitheacht costas san áireamh) agus i gcás ina n-eisíoctar é ar bhonn táirgí inseachadta (tuarascálacha), lena léirítear go mbaintear amach na torthaí a bhfuil coinne leo a shainítear sa chomhaontú deontais (iarscríbhinní teicniúla).

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a sainaithníodh agus an córas rialaithe inmheánaigh nó na córais rialaithe inmheánaigh a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Tá sé i gceist leis an Ionstraim tacú leis an gcomhar maidir leis na táirgí cosanta is práinní agus is criticiúla a sholáthar. Dá bhrí sin, is iad seo a leanas na príomhrioscaí a sainaithníodh: Riosca Tráthchláir: Saincheist sceidealaithe, moilleanna ar chur chun feidhme, Riosca Rialachais: Easpa comhair idir na Ballstáit agus/nó an tionscal náisiúnta as a dtagann moilleanna ar chur chun feidhme neamhéifeachtúil, Riosca Airgeadais: Bainistíocht costas, Ionsú íseal (moilleanna), etc. Rioscaí teicniúla: Deacrachtaí maidir le forbairt ar leith; Saincheisteanna teicniúla; Leibhéal feidhmíochta níos ísle. Dá bhrí sin, dhéanfadh an Coimisiún an Ionstraim a chur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, ag tógáil ar an saineolas a fuarthas ó chur chun feidhme an Chiste Eorpaigh Cosanta, aon chlár oibre ilbhliantúil amháin a ullmhú agus a ghlacadh, an t-am a ghiorrú chun maoiniú nach bhfuil nasctha le costais a dheonú agus a chur i bhfeidhm.

2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas 'costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú') agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

Beidh buiséad an chláir faoi bhainistíocht dhíreach. Bunaithe ar thaithí an Choimisiúin ar bhainistiú deontais, meastar gur níos lú ná 1 % de na cistí gaolmhara arna mbainistiú a bheidh i gcostais fhoriomlána rialaithe na hIonstraime don Choimisiún.

Maidir leis an ráta/na rátaí earráide a mheastar a bheidh ann, is é an aidhm an ráta earráide a choinneáil faoi bhun na tairsí 2 %. Más rud é go gcuirfear an clár chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, ina bhfuil foirne oilte (foireann a bhfuil taithí acu, a d'fhéadfaí a earcú ó Aireachtaí Cosanta na mBallstát) agus foirne ina bhfuil go leor ball a ghníomhaíonn faoi oifigigh údarúcháin tharmligthe, a chuireann rialacha soiléire i bhfeidhm agus a bhaineann úsáid iomchuí as ionstraimí bunaithe ar aschur (i.e. maoiniú nach bhfuil nasctha le costais), measann an Coimisiún go gcoimeádfar ráta earráide faoi bhun na tairsí ábharthachta 2 %.

## 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

Tá an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) inniúil chun imscrúduithe a dhéanamh ar oibríochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin tionscnamh seo. Déanfar foráil sna comhaontuithe a thiocfaidh as an Rialachán seo, lena n-áirítear comhaontuithe a chuirtear i gcrích le heagraíochtaí idirnáisiúnta, maidir le maoirseacht agus rialú airgeadais a dhéanfaidh an Coimisiún, nó aon ionadaí a údaróidh sé, agus maidir le hiniúchtaí a dhéanfaidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) nó OLAF, ar an láthair más gá. Féadfaidh oifigigh an Choimisiúin a bhfuil an t-imréiteach slándála is gá faighte acu cuairteanna a thabhairt ar an láthair freisin.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteideal/ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus an líne bhuiséid nó na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana (féach an tábla faoi roinn 3.2)

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | LD/LN[13]. | ó thíortha de chuid CSTE[14] | ó thíortha is iarrthóirí[15] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Saghas caiteachas | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon | LD/LN | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| 5 | 13.0106 | Neamhdhifreáilte | Tá | Níl | Níl | Níl |
| 5 | 13.06 | Difreáilte | Tá | Níl | Níl | Níl |

13 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

14 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

15 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d’fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

## 3.2. Foinsí maoiniúcháin le haghaidh an togra

### *3.2.1. Foinsí maoiniúcháin leithreasuithe faoin togra*

| Ranníocaíocht ó chorrlaigh agus ó ionstraimí speisialta CAI | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Corrlaigh Cheannteideal 5 | | 83.700 | 44.900 | 32.100 | 1 | | | 160.700 |
| Ionstraimí speisialta CAI | | | 111.400 | 227.900 | | | | 339.300 |
| Iomlán | | 83.700 | 156.300 | 260.000 | | | | 500.000 |

### *3.2.2. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 05 | Slándáil agus Cosaint – Braisle 13 Cosaint |
|---|---|---|

| | | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | ***Tar éis 2027*** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 13.0601 Leithreasuithe faoi | Gealltanais | (1) | | 83.700 | 156.300 | 260.000 | | | | | **500.000** |

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| chomhair oibríochtaí táirgí cosanta STI | Íocaíochtaí | (2) | | | 72.000 | 174.000 | 104.000 | 72.000 | 78.000 | | **500.000** |
| 13.016 – Caiteachas tacaíochta | Gealltanais = Íocaíochtaí | (3) | | | iontráil mheabhráin | iontráil mheabhráin | | | | | **0** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe d'imchlúdach an Chláir faoi cheannteideal 5** | Gealltanais | =1+3 | | **83.700** | **156.300** | **260.000** | | | | | **500.000** |
| | Íocaíochtaí | =2+3 | | **0** | **72.000** | **174.000** | **104.000** | **72.000** | **78.000** | | **500.000** |

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **7** | 'Caiteachas riaracháin' |
|---|---|---|

Chun an roinn seo a líonadh isteach, ba cheart leas a bhaint as na 'sonraí buiséid de chineál riaracháin' atá le hiontráil ar dtús san <u>Iarscríbhinn a ghabhann leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach</u> (Iarscríbhinn V a ghabhann leis na rialacha inmheánacha) agus a uaslódáiltear chuig an gcóras DECIDE chun críoch comhairliúcháin idirsheirbhíse.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | ***Tar éis 2027*** | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Acmhainní daonna | | 0.961 | 1.831 | 1.831 | 1.517 | 1.517 | 1.187 | | **8.844** |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Caiteachas riaracháin eile | | | 0.047 | 0.279 | 0.279 | 0.067 | 0.057 | 0.057 | | **0.786** |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | | **1.008** | **2.110** | **2.110** | **1.584** | **1.574** | **1.244** | | **9.630** |

EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

| | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | ***Tar éis 2027*** | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN na leithreasuithe **thar** CHEANNTEIDIL an chreata airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | | 84.708 | 158.410 | 262.110 | 1.584 | 1.574 | 1.244 | | **509.630** |
| | Íocaíochtaí | | 1.008 | 74.110 | 176.110 | 105.584 | 73.574 | 79.244 | 0 | **509.630** |

3.2.3. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe riaracháin*

– ☐ Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n- úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☑ Éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Blianta | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | 0.961 | 1.831 | 1.831 | 1.517 | 1.517 | 1.187 | **8.844** |
| Caiteachas riaracháin eile | | 0.047 | 0.279 | 0.279 | 0.067 | 0.057 | 0.057 | **0.786** |
| Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | | **1.008** | **2.110** | **2.110** | **1.584** | **1.574** | **1.244** | **9.630** |
| Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | | | | | | | | |
| Caiteachas eile (na seanlínte BA)de chineál riaracháin | | | | | | | | |
| Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | | | | | | | | |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN | | **1.008** | **2.110** | **2.110** | **1.584** | **1.574** | **1.244** | **9.630** |

Cumhdófar na leithreasuithe riaracháin is gá leis na leithreasuithe a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá athshannta, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha atá ann cheana.

3.2.3.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ✓ Éilítear leis an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| **Blianta** | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Poist sa phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach) **le haghaidh AS DEFIS** | | | | | | | | |
| Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin | | | 5 | 10 | 10 | 8 | 8 | 7 |
| Toscaireachtaí | | | | | | | | |
| Taighde | | | | | | | | |
| • Foireann sheachtrach (in aonad de choibhéis lánaimseartha: FTE) **- AC. AL. END. INT agus JED le haghaidh AS DEFIS** Ceannteideal 7 | | | | | | | | |
| Maoinithe ó CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | - sa Cheanncheathrú | | 2 | 3 | 3 | 3 | 3 | 1 |
| | - i dToscaireachtaí | | | | | | | |
| Maoinithe ó imchlúdach an chláir | - sa Cheanncheathrú | | | | | | | |
| | - i dToscaireachtaí | | | | | | | |
| Taighde | | | | | | | | |
| Eile (sonraigh) | | | | | | | | |
| IOMLÁN | | | **7** | **13** | **13** | **11** | **11** | **8** |

Comhlíonfar na riachtanais acmhainní daonna trí fhoireann ón AS a bhfuil bainistíocht na gníomhaíochta faoina cúram cheana agus/nó atá athshannta taobh istigh den AS, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don AS atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.'

Tuairisc ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus foireann shealadach | Beidh gá le 5 FTE (5 AD) chun borradh a chur faoin Ionstraim in 2022 agus chun tús a chur leis na chéad ghníomhaíochtaí, 10 FTE (7 AD agus 3 AST) chun na gníomhaíochtaí a chur chun feidhme agus iad a laghdú go dtí 7 gcinn (5 AD agus 2 AST) in 2027 chun glacadh an chláir oibre a áirithiú; bainistíocht ar mheastóireacht agus ar fhaireachán oibríochtúil, maoiniúcháin agus dlíthiúil ar chur chun feidhme na dtionscadal. |
| Foireann sheachtrach | 2 FTE chun tús a chur leis na gníomhaíochtaí (2 SNI), sin a mhéadú go dtí 3 cinn (1 AC agus 2 SNI) agus sin a laghdú go dtí 1 cheann in 2027 (1 AC) chun a áirithiú go ndéanfar faireachán oibríochtúil, maoiniúcháin agus dlíthiúil ar chur chun feidhme na dtionscadal. |

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☐ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI).

– ☑ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid.

| |
|---|
| Corrlach Cheannteideal 5 Féach na sonraí i roinn 3.2 |

– ☐ is gá athbhreithniú ar CAI.

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |

*3.2.6. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☑ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | |

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☑ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

☐ ar ioncam eile

má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin☐

EUR milliún (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[16] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Airteagal …. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá sannta, sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

| |
|---|
| […] |

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

| |
|---|
| […] |

16 A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.